



Treoirleabhar ar Chearta Fostaíochta



Eolas ar NERA

Is í an aidhm atá ag NERA ná cultúr náisiúnta de chomhlíonadh le cearta fostaíochta a bhaint amach.

Eolas

Soláthraíonn NERA eolas neamhchlaonta ar raon leathan de reachtaíocht i leith cearta fostaíochta d'fhostaithe agus d'fhostóirí ar an nguthán, i scríobh, trí ríomhphost agus trí chláir leanúnacha um feasacht phoiblí. Freisin soláthraíonn NERA raon faisnéis de bhileoga míniúcháin agus treoirleabhar cuimsitheach ar Dhlí Saothair.

Cigireacht

Tá NERA freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar raon de chearta fostaíochta le haghaidh gach fostaí in Éirinn. Oibríonn na cigirí ar bhealach cóir agus neamhchlaonta, agus raon éagsúil de ghnáthchigireachtaí agus de chigireachtaí beartaithe á ndéanamh acu ar fud na tíre agus fiosrúcháin á ndéanamh acu ar sháruithe líomhanta cearta fostaíochta.

Forfheidhmiú agus lonchúiseamh

Áit a bhfaightear fianaise ar neamhchomhlíonadh le reachtaíocht i leith cearta fostaíochta, iarrann cigirí cúiteamh ón bhfostóir le haghaidh an fhostaí. I roinnt cúiseanna is féidir ionchúisimh a thionscnamh i gcoinne an fhostóra.

Freisin, ar chúinsí áirithe, féachfaidh NERA chuig dámhachtainí a rinneadh ag an gCúirt Saothair, ag na Coimisinéirí um Chearta agus ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta a fhorfheidhmiú.

Treoirleabhar ar Chearta Fostaíochta

Tá an treoirleabhar seo ceaptha chun treoir ghinearálta a thabhairt d'fhostaithe agus d'fhostóirí ar cheisteanna cearta. Ní ráiteas iomlán ná údarásach ar an dlí atá ann agus ní léirmhíniú dlí é.

Tá eolas níos sonraí agus foirmeacha gearáin maidir le cearta fostaíochta ar fáil freisin ó Sheirbhísí Eolais NERA.

Íosteidlíochtaí Téarmaí Fostaíochta a Fhoráiltear Dóibh ag an Dlí

Tá dualgas ar an bhfostóir faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001 faisnéis áirithe a thabhairt do gach fostaí i scríbhinn – na gnéithe tábhachtacha de na téarmaí fostaíochta – laistigh de dhá mhí ón bhfostaíocht a thosú.

Ní mór go n-áireodh an fhaisnéis sin:

- Ainmneacha iomlána an fhostóra agus an fhostaí
- Seoladh an fhostóra;
- An t-ionad oibre, nó áit nach bhfuil aon phríomhionad oibre ann, ráiteas ag sonrú go gceanglaítear ar an bhfostaí oibriú in áiteanna éagsúla nó go gceadaítear dó/di oibriú iontu
- Teideal an phoist nó nádúr na hoibre
- An dáta a tosaíodh an fhostaíocht air
- Más conradh sealadach atá i gceist, fad ionchais na fostaíochta
- Más conradh le haghaidh téarma seasta atá i gceist, an dáta a éagfaidh an conradh air; más conradh le haghaidh cuspóra seasta atá i gceist, na sonraí ar an gcuspóir seasta sin.
- An ráta pá nó an modh chun an pá a ríomh
- An pá seachtainiúil, míosúil nó pá de chineál eile atá i gceist
- Na téarmaí nó na coinníollacha a bhaineann le huaireanta oibre, lena n-áirítear ragobair
- Téarmaí nó coinníollacha ag baint le saoire íochta (seachas saoire bhreiteachta)
- Téarmaí nó coinníollacha ag baint le héagumas chun oibre mar gheall ar bhreiteacht nó gortú
- Téarmaí nó coinníollacha maidir le pinsin agus scéimeanna pinsin
- Tréimhsí fógra agus modh chun tréimhsí fógra a shocrú
- Tagairt d'aon comhaontuithe comhchoiteanna a mbíonn tionchar acu ar na téarmaí fostaíochta

Cé hé an Fostóir?

De ghnáth íocann an fostóir an pá agus bíonn sé/sí freagrach as cinntiú go bhfaigheann fostaíthe a gcuid íosteidlíochtaí sa dlí agus mar atá leagtha amach sa treoirleabhar seo. Tugann teideal an fhostóra (cuideachta theoranta/ trádálaí aonair) ar dhoiciméid cáin ioncaim comhartha maith ar theideal an fhostóra de réir an dlí.

Pá Íosta

Tá fostaí aosach a bhfuil taithí aige/aici i dteideal íosráta pá faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000. Is é atá i bhfostaí aosach a bhfuil taithí aige/aici ná fostaí a bhí i mbun aon fhostaíochta in aon dhá bhliain ó dháta na chéad fostaíochta atá thar 18 bliain d'aois. Baineann rátaí níos lú le catagóirí eile fostaíthe. Ní gá go gcaithfí an dá bhliain fostaíochta a bhfuil tagairt dóibh anseo leis an bhfostóir céanna, sa



tionscal céanna, nó fiú in Éirinn. Tá gach fostaíocht thar 18 bliain d'aois ináirithe chun críocha na teidlíochta i leith an phá íosta.

Chun eolas a fháil ar na rátaí reatha Logáil isteach i www.employmentrights.ie nó déan teagmháil le seirbhísí eolais NERA

Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORF) agus Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFC)

Tá earnálacha áirithe tionscail, lena n-áirítear talmhaíocht, lónadóireacht, glantachán conartha, tógáil, conarthaí leictreachais, óstáin (lasmuigh de chathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire agus cathair Chorcaí), grósaíreacht mhiondíola, agus slándáil clúdaithe ag Comhaontuithe/Orduithe atá ina gceangal dlí a leagann íosrátaí pá a d'fhéadfadh a bheith sa bhreis ar an bPá Íosta Náisiúnta, le haghaidh na gcineálacha fostaíochta sin. Tá sonraí ar na Comhaontuithe/na hOrduithe sin agus cóipeanna díobh ar fáil ar iarratas ó Sheirbhísí Eolais NERA nó ónár láithreán gréasáin ag www.employmentrights.ie.

Pá agus Duillíní Pá

Faoin Acht um Íoc Pá, ní mór go dtabharfadh an fostóir ráiteas scríofa ar ollphá don fhostaí chomh maith le sonraí ar gach asbhaint a rinneadh, i dteannta lena gcuid pá.

Cosnaíonn an tAcht um Íoc Pá freisin i gcoinne asbhaintí neamhdhleathacha ó phá. Ní mór go mbeadh asbhaintí ó phá an fhostaí údaraithe ag Conradh fostaíochta an fhostaí nó ag cead scríofa ón bhfostaí. Asbhaint mhícheart atá in asbhaint nach bhfuil údaraithe ar bhealach ceart (seachas cáin ioncain agus ranníocaíochtaí ÁSPC).

Áit a dtagann asbhaint ó phá chun cinn mar gheall ar (a) gníomh nó neamhghníomh ag an bhfostaí (m.sh. ganntanais sa scipéad airgid, drochshaoirseacht, briseadh) nó (b) soláthar earraí don fhostaí ag an bhfostóir (m.sh. glanadh éidí) ansin ní mór go mbeadh an asbhaint cóir agus réasúnta agus go bhféachfaí chuig na cúinsí go léir lena n-áirítear méid pá an fhostaí.

Uaireanta Oibre, Laethanta Saoire, Sosanna

Leagann an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 amach cearta fostaithe i dtaobh an méid seo a leanas:

Uaireanta Uasta Seachtainiúla Oibre:

Is í an uas-seachtain oibre ná 48 uair agus iad meánaithe thar 4, 6, nó 12 mí (gan níos mó ná 4 mhí sa chuid is mó de chásanna).

Íosamanna Scíthe/Sosanna:

De ghnáth bíonn fostaithe ginearálta i dteideal an mhéid seo a leanas ar a lú:-

- 11 uair de scíth i ndiaidh a chéile in aghaidh gach tréimhse de 24 uair.
- aon tréimhse amháin de scíth ar feadh 24 uaire in aghaidh na seachtaine, agus tréimhse laethúil scíthe roimhe (11 uair)
- 15 nóiméad nuair a bhíonn siad ag obair ar feadh ceithre uair go leith nó níos faide; 30 nóiméad nuair a bhíonn siad ag obair ar feadh sé uaire nó níos faide. D'fhéadfaí an chéad sos a áireamh.
- Nuair a bhíonn fostaithe siopa ag obair ar feadh sé uaire agus a áiríonn a gcuid uaireanta oibre 11.30.n. – 2.30.n. bíonn siad i dteideal sos leantaigh ar feadh aon uair an chloig.

Obair ar an Domhnach: Tá fostaithe i dteideal íocaíochta préimhe nó chun am saor le híocaíocht ina áit le haghaidh oibre ar an Domhnach.

Laethanta Saoire agus Laethanta Saoire Poiblí: Saothraítear teidlíochtaí saoire ón dáta a tosaíodh an fhostaíocht.

Is í an fíosteidlíocht saoire bliantúla ná 4 seachtaine oibre in aghaidh bliana saoire. Déantar saoire bhliantúil a fhabhrú ar bhunús an ama a d'oibrigh an fostaí. Saothraíonn fostaithe lánaimseartha aon seachtain amháin de shaoire bhliantúil íochta in aghaidh gach trí mhíosa a oibríodh. I gcás fostaithe a oibríonn ar feadh 1365 uair an chloig in aon bhliain saoire faoi leith bíonn a gcuid teidlíochta iomláine ceithre seachtaine de shaoire bhliantúil saothraithe acu ag an bpointe sin, ach amháin más bliain saoire í a n-athraíonn an fostaí a c(h)uid fostaíochta inti.

Tá fostaithe páirtaimseartha i dteideal saoire bliantúla atá comhdhéanta de 8% de na huaireanta a oibríodh, faoi réir 4 seachtaine oibre ar a mhó sa bhliain saoire.

Tá fostaithe i dteideal chun naoi lá saoire poiblí i rith na bliana, agus is féidir le fostóir roghnú ceann de na ceithre roghanna seo a leanas a thabhairt don fhostaí ina dtaobh:

- lá saor le híocaíocht ar an lá, nó
- lá saor le híocaíocht laistigh de mhí, nó
- lá breise de shaoire bhliantúil íochta, nó
- pá ar feadh lae breise


Seo a leanas na naoi lá saoire poiblí in Éirinn:

- | | |
|---------------------------------|---|
| (a) 1 Eanáir, | (e) An Chéad Luan i Meitheamh, |
| (b) Lá Fhéile Pádraig, | (f) An Chéad Luan i Lúnasa, |
| (c) Luan Cásca, | (g) An Luan Deireanach i nDeireadh Fómhair, |
| (d) An Chéad Luan i mBealtaine, | (h) Lá na Nollag, |
| | (i) Lá Fhéile Stíofáin |

Le go gcáileodh fostaí páirtaimseartha le haghaidh lá saoire poiblí, ní mór go n-oibreodh sé/sí ar feadh 40 uair ar a laghad sa tréimhse 5-seachtaine a thagann díreach roimh an lá saoire poiblí.

Pá as Laethanta Saoire Poiblí

Má tharlaíonn an lá saoire poiblí ar lá nach gnách go n-oibríonn an fostaí air, bíonn an fostaí i dteideal chun cúigiú dá g(h)náthphá seachtainiúil le haghaidh an lae. Bíonn fostaithe a iarrtar orthu oibriú ar lá saoire poiblí i dteideal chun lá breise pá le haghaidh an lae, nó lá saor le híocaíocht, nó lá breise de shaoire bhliantúil íochta.



Dífhostú

Leagann na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 amach cearta agus nósanna imeachta i gcás dífhostaithe as obair. Is gnách nach mór go mbeadh 12 mí de sheirbhís i ndiaidh a chéile déanta ag fostaí lena f(h)óstóir sula mbeidh sé/sí i dteideal chun éileamh a dhéanamh i leith dífhostaithe éagóraigh faoi na hAchtanna. I gcás oibríthe áisíneacha, is é an fóstóir chun críocha dífhostaithe éagóraigh ná an cuideachta úsáideora – ní hí an áisíneacht fostaíochta atá i gceist.

Ní bhíonn 12 mí de sheirbhís ag teastáil ón bhfostaí áit ar tháinig an dífhostú chun cinn go hiomlán nó den chuid is mó mar thoradh ar aon cheann de na bunúis seo a leanas:

- ballraíocht an fhostaí ar cheardchumann nó a c(h)uid gníomhaíochta ann.
- teidlíochtaí fostaí, teidlíochtaí don todhchaí, feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ceart faoin Acht um Pá fosta Náisiúnta, 2000.
- toircheas fostaí, leanbh a thabhairt ar an saol nó beathú cíche (nó aon ábhair a bhaineann leo).
- feidhmiú nó feidhmiú beartaithe ceart ag an bhfostaí faoin Acht um Chosaint Máithreachais, 1994, an tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995, an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, nó an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

Toimhdítear gur dífhostú éagórach atá i gceist ach má fhéadann an fóstóir bunúis dhóthanacha a thaispeáint chun údar a thabhairt leis.

Is féidir a mheas go bhfuil dífhostú cóir má tá sé bunaithe go hiomlán nó den chuid is mó ar cheann amháin de na bunúis seo a leanas agus má cuireadh i bhfeidhm é de réir nósanna imeachta coire:

- cumas, inniúlacht nó cáilíochtaí le haghaidh an phoist.
- mí-iompar (beidh nósanna imeachta smachta tábhachtach sa chás sin).
- iomarcaíocht.
- áit a rachfaí i gcoinne ceanglas dlí eile dá leanfaí ar aghaidh leis an bhfostaíocht.
- áit a bhfuil bunúis dóthanacha eile leis.

Féadann Coimisinéir um Chearta nó Binse Achomhairc Fostaíochta seasamh le dífhostú mar gheall nach raibh sé éagórach ar na cúinsí seo: Foráiltear leis an Acht um Dhífhostú Éagórach go bhféadann an Coimisinéir um Chearta nó an Binse Achomhairc Fostaíochta, a mheas go raibh seirbhís bhriste fostaí leanúnach chun críocha na n-Achtanna, má tá siad den tuairim gur bhris fóstóir seirbhís fostaí d'aon turas chun nach mbeadh sé/sí dlite faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach.

Fógra Íostréimhse

Foráiltear leis na hAchtanna um Fhógra Íosta, 1973 go 2005 go bhfuil fostaí a bhí i mbun fostaíochta ag a f(h)óstóir ar feadh 13 seachtaine ar a laghad i dteideal chun íostréimhse fógra sula bhféadann an fóstóir sin é/í a dhífhostú. Bíonn an tréimhse seo éagsúil idir aon seachtain amháin go hocht seachtaine ag brath ar fhad na seirbhíse.

13 seachtain ach níos lú ná 2 bhliain seirbhíse = aon seachtain amháin
Dhá bhliain ach níos lú ná 5 bliana = dhá sheachtain
Cúig bliana ach níos lú ná 10 mbliana = ceithre seachtaine
Deich mbliana ach níos lú ná 15 bliain = sé seachtaine
Níos mó ná cúig bliana déag = ocht seachtainí

Féadann fóstóir agus fostaí aontú ar íocaíocht in áit fógra. Is í íosteidlíocht fógra fostaí ná an méid seo a leanas:

Ceanglaítear ar fostaí a bhfuil 13 seachtain de sheirbhís déanta aige/aici lena f(h)óstóir fógra aon seachtaine amháin a thabhairt dá f(h)óstáí nuair a éiríonn sé/sí as a p(h)ost, ach má tá conradh scríofa fostaíochta ann a fhoráilann le haghaidh tréimhse níos faide.

Iomarcaíocht

Is é atá i gceist le hiomarcaíocht ná nach bhfuil post fostaí ann a thuilleadh agus nach gcuirtear duine in áit an fhostaí. Bíonn fostaí atá 16 bliain d'aois nó níos sine a bhfuil 104 seachtain leantach de sheirbhís déanta aige/aici le fóstóir i dteideal íocaíocht reachtúil iomarcaíochta sa chás sin.

Is í an íocaíocht reachtúil iomarcaíochta ná dhá sheachtain ollphá in áit gach bliana de sheirbhís, suas go teorainn €600 in aghaidh na seachtaine móide pá aon seachtaine amháin, atá faoi réir teorainn €600 freisin. Bíonn an íocaíocht seo saor ó cháin. Féadann roinnt fóstóirí comhaontuithe iomarcaíochta a dhéanamh thar an ráta reachtúil a d'fhéadfadh a bheith inchánach. Déan teagmháil le hoifig na gCoimisinéirí Ioncaim i do cheantar féin chun tuilleadh eolais a fháil air sin.

Chun eolas a fháil ar conas teidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta a ríomh téigh chuig an áireamhán iomarcaíochta le do thoil (<http://www.entemp.ie/employment/redundancy/calculator.htm>) ar láithreán gréasáin an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Chun cóip a fháil de na foirmeacha iomarcaíochta ábhartha déan teagmháil le NERA nó téigh chuig an leathanach ar iomarcaíocht (<http://www.entemp.ie/employment/redundancy/publications.htm>)

ar láithreán gréasáin an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Cearta agus Cosaintí Reachtúla Fostaíochta um Neamhnáisiúnaigh atá ag Obair in Éirinn

Tá náisiúnaigh neamh-Éireannacha atá ag obair go dlíthiúil in Éirinn i dteideal chun an raoin iomláin de chearta agus cosaintí reachtúla fostaíochta ar an gcaoi chéanna le fostaí Éireannach.

Nósanna Imeachta Cúitimh/Gearáin

Féadann fostaíthe gearáin a thógáil chuig na Coimisinéirí um Chearta nó chuig na Binsí Fiosrúcháin Fostaíochta áit a gcreideann siad nach bhfuil a gcuid ceart reachtúil á bhfáil acu. Tá eolas ar conas gearán a dhéanamh agus na foirmeacha gearáin ábhartha ar fáil ar iarratas ó Sheirbhísí Eolais NERA nó is féidir iad a íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag <http://www.employmentrights.ie>.

Áisíneachtaí Fostaíochta

1. Ní mór go mbeadh ceadúnas ag Áisíneachtaí Fostaíochta faoi Dhlí na hÉireann agus ní mór nach ngearrfaidís táille mar thoradh ar fhostaíocht a lorg le haghaidh duine eile amháin.
2. Is féidir foirmeacha iarratais ceadúnais a íoslódáil ó www.entemp.ie/forms nó déan teagmháil leis an Rannóg Ceadúnaithe Áisíneachtaí den Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Teileafón: (01) 6313166/ 3018/ 3121.

Reachtaíocht Eile i leith Fostaíochta

Tá fostaíthe cosanta ó idirdhealú san fhostaíocht ar bhunús aoise, inscne, stádas pósta, cine, claonadh gnéasach, míchumas nó ballraíocht ar phobal an lucht taistil (Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004). Ba cheart fiosrúcháin a chur chuig an Údarás Comhionannais Teileafón: (01) 417 3333 nó íosghlao: 1890 245 545 Logáil isteach i www.equality.ie, R-phost: info@equality.ie.

Ba cheart gearáin a chur faoi bhráid an Bhinse Comhionannais ag 3 Sráid Chluain Mheala (as Sráid Fhearchair), Baile Átha Cliath 2. Teileafón: (01) 477 4100 nó íosghlao: 1890 344 424. Logáil isteach i www.equalitytribunal.ie, R-phost: info@equalitytribunal.ie.

Is féidir eolas ar an Acht um Chosaint Máithreachais, an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, an Acht um Shaoire Uchtaíoch a fháil freisin ón Údarás Comhionannais



Sláinte agus Sábháilteacht

Is féidir eolas maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteacht ag an bhFoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: (01) 614 7000 nó Íosghlao 1890 289 389
Logáil isteach i www.hsa.ie, R-phost: web-info@hsa.ie

Ceisteanna P45 agus Cánach

Ba cheart ceisteanna a bhaineann le P45 agus cáin go ginearálta a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, an Lároifig Clárúcháin Cánach, 9/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Íosghlao: 1890 60 50 90 (Fiosrúcháin ÁSPC) nó Íosghlao: 1890 30 67 06 (Foirmeacha agus Bileoga), Logáil isteach i www.revenue.ie.

PSP agus Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh

Ba cheart ceisteanna a bhaineann le PSP go ginearálta a chur chuig: Taifid PSP, Teach Gandon, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: (01) 7043232, Facs: 7043138 nó chuig Seirbhís Eolais, Aras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: (01) 7043 174. Logáil isteach i www.welfare.ie,
R-phost: info@welfare.ie

Comhlachtaí Ionadaíoch Fostóirí agus Ceardchumainn

Tá raon de Chomhlachtaí Ionadaíoch Fostóirí agus Ceardchumainn ann a sholáthraíonn eolas, comhairle agus abhcóideacht i réimse na reachtaíochta i leith fostaíochta.

Seoltaí agus Uimhreacha Tábhachtacha

Seo a leanas sonraí ar sheoltaí agus uimhreacha teileafóin na n-oifigí de chuid an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta a bhfuil freagracht orthu as cearta reachtúla fostaíochta, chomh maith le comhlachtaí eile:

Citizens Information Centre

Tríd an teileafón: Trí ghlaoch ar Sheirbhís Fóin Eolais do Shaoránaigh. Íosghlao 1890 777 121. **I bPearsa:** Trí chuairt a thabhairt ar an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit. Féadann tú an t-Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit a fháil tríd an eolaire a úsáid ar www.citizensinformation.ie nó tríd na Leathanaigh Órga a sheiceáil.

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Teach Davitt, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: (01) 6312121, Íosghlao: 1890 220 222 (iarr ar an oibríteoir tú a chur i dteagmháil leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta). Facs: (01) 631 3266.

An Chúirt Saothair

Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: (01) 613 6666, Íosghlao: 1890 220 228, Facs: (01)613 6667.
R-phost: info@labourcourt.ie, Logáil isteach i www.labourcourt.ie

Seirbhís an Choimisinéara um Chearta

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Teach Tom Johnston, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.

Teileafón: (01) 613 6700,
Íosghlao: 1890 220 227,
Facs: (01) 613 6701.
Logáil isteach i www.lrc.ie,
R-phost: info@lrc.ie

An Rannóg Ceadanna Fostaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
Teach Davitt, Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: (01) 631 3333/631 3308, Íosghlao: 1890 201 616.
Facs: (01) 6313268. R-phost: employmentpermits@entemp.ie,
Logáil isteach i www.entemp.ie



Sonraí Teagmhála an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

NERA An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta,
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.
Teileafón: (059) 917 8800, Facs: (059) 917 8912
Logáil isteach i www.employmentrights.ie

Seirbhís Eolais:

Teileafón: (059) 9178990, Íosghlao: 1890 80 80 90
Facs: (059) 9178909
Logáil isteach i www.employmentrights.ie

Seirbhís Cigireachta NERA

Teileafón: (059) 9178990
Íosghlao: 1890 220 100
Logáil isteach i www.employmentrights.ie

Seirbhís Forfheidhmiúcháin & Ionchúisimh NERA

Teileafón: (059) 9178890
Íosghlao: 1890 220 200
Logáil isteach i www.employmentrights.ie

Tabhair faoi deara le do thoil

Ba cheart do ghlaoteoirí tabhairt faoi deara go bhféadfadh na rátaí a ghearrfaí as uimhreacha 1890 (Íosghlao) a úsáid bheith difriúil idir soláthraithe seirbhísí éagsúla.

Logáil isteach i www.employmentrights.ie



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment